



Polasaí Coinbhleachta Leasa

An Foras Pátrúnachta



Polasaí Coinbhleachta Leasa An Foras Pátrúnachta

1. Cuspóir

Is é cuspóir an bheartais seo cabhrú le hiontaobhaithe An Foras Pátrúnachta (AFP) aon choinbhleachtaí leasa a shainaithint, a thaifeadadh agus a bhainistiú go héifeachtach chun ionracas **AFP** a chosaint agus chun a chinntiú go ngníomhóidh na hiontaobhaithe carthanais le barr leasa a gcarthanais.

2. Bord Stiúrtha

Is é aidhm **Bord Stiúrtha An Foras Pátrúnachta** a chinntiú go mbeidh na hiontaobhaithe carthanais ar an eolas faoi na hoibleagáidí atá orthu aon choinbhleachtaí leasa atá acu a nochtadh agus an beartas seo a chomhlíonadh chun a chinntiú go ndéanfaidh siad bainistiú éifeachtach ar na coinbhleachtaí leasa sin mar ionadaithe do **AFP**.

3. Raon feidhme

Tá feidhm ag an mbeartas seo maidir le baill de Bhord Stiúrtha AFP.

4. Sainmhíniú ar choinbhleacht leasa

Is é is coinbhleacht leasa ann aon chás ina bhféadfadh leasanna pearsanta nó dílseacht phearsanta aon iontaobhaí carthanais cosc a chur ar an iontaobhaí cinneadh a dhéanamh le barr leasa an charthanais nó aon chás ina bhféadfaí a mheas go gcuireann na leasanna nó an dílseacht sin cosc ar an iontaobhaí cinneadh a dhéanamh le barr leasa an charthanais. D'fhéadfadh an leas pearsanta sin bheith díreach nó indíreach agus is féidir duine atá bainteach leis an iontaobhaí carthanais a bheith i gceist leis.

Is é a ghabhann leis na cásanna sin an baol go ndéanfaidh duine cinneadh atá bunaithe ar na cineálacha tionchair sin, seachas le barr leasa an charthanais, agus ní mór iad a bhainistiú dá réir sin.

5. Beartas

Cuireadh an beartas seo le chéile mar go dtagann coinbhleachtaí leasa chun cinn go minic agus nach gá go gcruthóidh siad fadhb don charthanas má bhainistítear ar bhealach éifeachtach oscailte iad. Tá sé mar bheartas ag **AFP**, agus tá sé mar fhreagracht ar na hiontaobhaithe carthanais, go seachnófaí coinbhleachtaí leasa atá de chineál eitice, dlí, airgeadais nó eile agus nach mbeadh aon choinbhleachtaí den sórt sin (i gcás go dtagann siad chun cinn) ag teacht salach ar na hoibleagáidí atá ar na hiontaobhaithe i leith **AFP**.

Bainisteoidh **AFP** coinbhleachtaí leasa trí cheangal a chur ar na hiontaobhaithe carthanais na nithe seo a leanas a dhéanamh:

> Coinbhleachtaí leasa a sheachaint nuair is féidir

- > Coinbhleachtaí leasa a aithint & a thaifead
- > Coinbhleachtaí leasa a bhainistiú go cúramach
- > Cloí leis an mbeartas seo agus freagairt d'aon sáruithe air.

5.1 Freagracht an bhoird iontaobhaithe carthanais

Tá an bord freagrach as na nithe seo a leanas:

- > córas a bhunú le haghaidh coinbhleachtaí leasa a shainathint, a nochtadh agus a bhainistiú ar fud an charthanais;
- > faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh an bheartais seo; agus
- > an beartas seo a athbhreithniú ar bhonn bliantúil chun a chinntiú go mbíonn ag éirí leis an mbeartas.
- > Ba cheart do na hiontaobhaithe carthanais a chinntiú go bhfuil siad ar an eolas faoi na hoibleagáidí dlíthiúla atá orthu maidir lena gcarthanas a bhainistiú agus a rialú. Tá tuilleadh faisnéise a fháil faoi na hoibleagáidí sin ar fáil ar shuíomh Gréasáin an Rialálaí Carthanas. Féach an 'Treoir d'Iontaobhaithe Carthanas'.

5.2 Coinbhleachtaí leasa a shainathint agus a nochtadh

A luaithe a shainithnítear coinbhleacht leasa iarbhír, coinbhleacht leasa fhéideartha nó coinbhleacht leasa a bhraitear a bheith ann, ní mór an choinbhleacht sin a iontráil i gclár leasanna **AFP** (Féach Aguisín A) agus ní mór an bord iontaobhaithe carthanais a chur ar an eolas fúithi. Ní mór don Rúnaí ar an mBord Stiúrtha an clár leasanna a chothabháil agus ní mór don duine sin taifead a dhéanamh ar an bhfaisnéis ar fad a bhaineann le coinbhleacht leasa (lena n-áirítear cineál agus méid nacoinbhleachta leasa agus aon bhearta a rinneadh chun aghaidh a thabhairt uirthi).

Rúndacht an nochta leasanna

Beidh rúndacht ar ardleibhéal i gceist maidir le nochta leasanna. Beidh rochtain srianta do bhaill an Bhoird Stiúrtha agus do rúnaí an bhoird.

6. Angníomha theastaíonn le haghaidh coinbhleachtaí leasa a bhainistiú

6.1 Coinbhleachtaí leasa na gcomhaltaí den bhord iontaobhaithe carthanais

A luaithe a nochtar an choinbhleacht leasa go cuí, ní mór don bhord iontaobhaithe carthanais (seachas an t-iontaobhaí carthanais a rinne an nochtadh agus aon duine eile lena mbaineann an choinbhleacht) a dhéanamh soiléir nár cheart d'iontaobhaí carthanais a bhfuil coinbhleacht aige/aici na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- > vóta a chaitheamh
- > páirt a ghlacadh in aon díospóireacht, nó
- > bheith i láthair sa seomra le linn na díospóireachta agus na vótála.

In imthosca eisceachtúla, amhail i gcás gur coinbhleacht an-suntasach í an choinbhleacht leasa atá i gceist nó gur dóigh go gcuirfeadh an choinbhleacht leasa cosc ar iontaobhaí carthanais páirt rialta a ghlacadh i ndíospóireachtaí, d'fhéadfadh gurbh fhiú don bhord iontaobhaithe carthanais breithniú a dhéanamh ar cé acu is ceart nó nach ceart don duine a bhfuil an choinbhleacht ábhartha aige/aici éirí as an mbord iontaobhaithe carthanais.

6.2 Na nithe ba cheart a chur san áireamh agus cinneadh á dhéanamh ar an gcineál gníomha dhéanfar

Agus cinneadh á dhéanamh aige ar an gcur chuige a ghlacfar, déanfaidh an bord iontaobhaithe carthanais breithniú ar na nithe seo a leanas:

- > cé acu is gá an choinbhleacht a sheachaint nó í a thaifeadadh amháin
- > cé acu is dóigh nó nach dóigh go gcuirfidh an choinbhleacht as don chumas atá ag an duine a rinne an nochtadh páirt neamhchlaonta a ghlacadh sa chinnteoireacht
- > bealaí an choinbhleacht a sheachaint
- > cuspóirí & acmhainní an charthanais
- > an fhéidearthacht go gcuirfí an chuma ar an scéal go bhfuil iompar míchuí ann, rud a d'fhéadfadh cur as don mhuinín as an gcarthanas agus don cháil atá air.

Sula bhféadfar aon ghníomh a dhéanamh, beidh sé riachtanach ceadú a fháil ó thromlach an bhoird iontaobhaithe carthanais ar a laghad (seachas aon iontaobhaí carthanais a bhfuil coinbhleacht aige/aici) atá i láthair agus ag vótáil (más infheidhme) ag an gcruinniú. Déanfar na sonraí uile faoin gcoinbhleacht leasa, lena n-áirítear an gníomh a dhéanfar ina leith, a thaifeadadh i miontuairiscí an chruinnithe.

7. Comhlíonadh an bheartais seo

Má tá cúis ag an mbord iontaobhaithe carthanais lena chreidiúint gur mhainnigh duine atá faoi réir anbheartais seo an beartas a chomhlíonadh, déanfaidh sé imscrúdú ar na himthosca lena mbaineann.

Má chinntear gur mhainnigh an duine coinbhleacht leasa a nochtadh, féadfaidh an bord iontaobhaithe carthanais gníomh a dhéanamh in aghaidh an duine sin. I measc nithe eile, féadfar iarraidh ar an duine éirí as an gcarthanas.

Má tá duine in amhras gur mhainnigh iontaobhaí carthanais coinbhleacht leasa a nochtadh, ní mór dó/di an t-amhras sin a phlé leis an duine atá i gceist nó fógra a thabhairt don Bhord Stiúrtha/Rúnaí ar an mBord Stiúrtha.

Teagmháil

I gcás aon cheisteanna faoin mbeartas seo, déan teagmháil leis an mBord Stiúrtha trí litir a sheoladh F/ch: Cathaoirleach an Bhoird Stiúrtha, An Foras Pátrúnachta, Bloc K3, Campas Gnó Mhaigh Nuad, Maigh Nuad, Co. Chill Dara.

Aguisín A

Clár Leasanna An Foras Pátrúnachta

Ainm an iontaobhaí carthanais	Dáta ceapacháin	Cur síos ar an leas	Ar tugadh fógra don bhord iontaobhaithe carthanais faoin leas?	Dáta nochta

Sínithe:

Dáta: [/ /]

[iontráil ainm an iontaobhaí de chuid An Foras Pátrúnachta]